Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12255/25**

**CDR 48**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na Portaingéile, de Choiste na Réigiún |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gceaptar comhalta malartach,**
**arna mholadh ag Poblacht na Portaingéile,**
**de Choiste na Réigiún**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún[1],

Ag féachaint don togra ó rialtas na Portaingéile,

[1] IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, (ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 10 Nollaig 2024, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2025/71[2], lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030.

(3) Tá suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis deireadh a theacht leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Rogério DE ANDRADE GOUVEIA a cheapadh.

(4) Mhol Rialtas na Portaingéile Duarte Nuno NUNES DE FREITAS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Secretário Regional das Finanças do Governo Regional da Madeira* (Rúnaí Réigiúnach Airgeadais Rialtas Réigiúnach Mhaidéara), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[2] Cinneadh (AE) 2025/71 ón gComhairle an 10 Nollaig 2024 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2025 go dtí an 25 Eanáir 2030 (IO L, 2025/71, 16.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/71/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar Duarte Nuno NUNES DE FREITAS, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Secretário Regional das Finanças do Governo Regional da Madeira* (Rúnaí Réigiúnach Airgeadais Rialtas Réigiúnach Mhaidéara), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*